CEACHT 9

AN DOCHTÚIR



A. Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh.

Tá mé tinn/breoite. Tá slaghdán orm.
Téigh amach, a Úna. Tar isteach, a Nuala.
Rachaidh mé. **Tiocfaidh mé.**

B. **Cloisteáil, Aithint, Aithris**

Bunchomhrá

Tá Nuala tinn. Tá sí sa leaba. Tháinig an dochtúir. Tá sé ag féachaint ar Nuala. Tá mála aige. Tá buidéal leighis sa mhála.

C. **Cleachtadh**

Cé atá tinn?
An bhfuil Mamaí tinn?
Cá bhfuil an dochtúir? Cá bhfuil Nuala?
Céard/Cad atá ag an dochtúir?
Céard atá sé a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh aige?
Céard atá sa mhála?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Tá mála **aige/agam/agat/aici/ag an dochtúir,**
Tá buidéal leighis **sa mhála/sa bhosca/sa chófra,**
etc.

D. **Leathnú**

(a) Amhrán (An ceol ar théip)

Ó Neilí, ó Neilí, ó Neilí, a stór,
Tá Neilí bhocht tinn, ó Neilí, a stór,
Tá an dochtúir anseo le buidéal an-mhór,
Ó Neilí, ó Neilí, ó Neilí, a stór.

(b) Scéilín, leanbh breoite.